# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2011*

# Oideachas Sóisialta

(100 marc)

Dé Céadaoin, 8 Meitheamh 2011
Tráthnóna, 2.00 p.m. go 4.00 p.m.

| *Don Fheitheoir amháin* |
|---|
| Stampa an Ionaid |

## *Treoracha Ginearálta*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa spás seo: ______________
2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ AR FAD SA FHREAGARLEABHAR SEO.

TÁ TRÍ ROINN SA SCRÚDÚ SEO:

*Roinn A:* **Triail Éisteachta**
Caithfear gach ceist a fhreagairt.

*Roinn B:* **Freagra Gairid**
Caithfidh iarrthóirí 10 gceist a fhreagairt.

*Roinn C:* **Freagra Fada**
Tá **ceithre** cheist ann, Ceist C1, Ceist C2, Ceist C3 agus Ceist C4.
Caithfidh iarrthóirí **Ceist C1** a fhreagairt agus **dhá** cheist ar bith eile.

| *Don Scrúdaitheoir amháin* | | | | | *Marc* |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán deireadh leathanaigh. | | | **Roinn A** | | |
| 2. Suim iomlán na gceisteanna dícheadaithe. | | | **Roinn B** | | |
| 3. An Marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2). | | | **Roinn C** | C1 | |
| 4. Bónas don fhreagairt trí Ghaeilge. | | | | C2 | |
| 5. An Marc iomlán a bronnadh, má tá bónas don Ghaeilge san áireamh (3 + 4) | | | | C3 | |
| 6. Creidiúint | | | | C4 | |
| **Nóta :** Caithfidh an marc ar líne 3 a bheith mar an gcéanna leis an marc sa bhosca **Iomlán.** | | | **IOMLÁN** | | |

# *Roinn A* – **Triail Éisteachta** (35 marc)

Cloisfidh tú taifeadadh de thuarascáil.
Tá **dhá** chuid sa tuarascáil seo.

- An chéad chasadh: Cloisfidh tú an tuarascáil ar fad.
- An dara casadh: Ní chloisfidh tú ach Cuid 1. Tabharfar deis duit freagraí a thabhairt ar na ceisteanna 1 go 5.
- An tríú casadh: Ní chloisfidh tú ach Cuid 2. Tabharfar deis duit freagraí a thabhairt ar na ceisteanna 6 go 9.
- An ceathrú casadh: Cloisfidh tú an tuarascáil ar fad. Ba chóir duit freagra a thabhairt ansin ar cheist 10, a léifear ar an taifeadadh.

| ***Is féidir an spás seo a úsáid le haghaidh nótaí.*** |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

FREAGAIR GACH CEIST

**Nuair a bheidh Cuid 1 cloiste agat den dara huair, beidh deis agat na ceisteanna 1 go 5 a fhreagairt. Ba chóir do chuid freagraí a bheith bunaithe ar an eolas a thugtar ar an taifeadadh.**

**1.** (a) Cén aois a bhí ag Orla nuair a thosaigh sí ag ól? (1 mharc)

(b) Cén uair a d'fhill sí ar an obair? (1 mharc)

(c) Conas mar a chuaigh sé sin i bhfeidhm ar a saol? (1 mharc)

**2.** (a) Conas mar a d'athraigh a cuid ólacháin le himeacht an ama? (2 mharc)

(b) Cén fáth ar cheap sí nach raibh fadhb ar bith ag baint le bheith ag ól fíona. (1 mharc)

**3.** (a) Dúirt Orla *'go raibh an chuma uirthi, ar an taobh amuigh go raibh sí ag feidhmiú i gceart'*.
Cén rud a bhí á dhéanamh aici? (2 mharc)

(b) Cad a bhí ar siúl ar an taobh istigh? (2 mharc)

**4.** (a) Cé dó a dteastaíonn Orla staonadh ón ólachán? (2 mharc)

(b) Cad a chabhraíonn le hOrla staonadh ón ólachán? (2 mharc)

**5.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phíosa fianaise a thaispeánann go raibh fíorfhadhb ag Orla leis an ólachán. (4 mharc)

1. ______

2. ______

**Nuair a bheidh Cuid 2 cloiste agat den dara huair, beidh deis agat na Ceisteanna 6 go 9 a fhreagairt. Ba chóir do chuid freagraí a bheith bunaithe ar an eolas a thugtar ar an taifeadadh.**

**6.** (a) Cad atá ag cruthú cultúir ina n-ólann daoine barraíocht? (1 mharc)

________________________________________

(b) Cé mhéad aonad alcóil a d'fhéadfadh a bheith i mbuidéal fíona? (1 mharc)

________________________________________

(c) Liostaigh **dhá** chúis a bhfuil níos mó ban ag ól fíona. (2 mharc)

1.________________________________________

2.________________________________________

**7.** (a) Déan cur síos ar phátrún an ólacháin a d'fhéadfadh teacht chun cinn. (2 mharc)

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(b) Cén fáth a bhfuil baol níos mó ann do mhná seachas d'fhir ón mhí-úsáid alcóil? (1 mharc)

________________________________________

**8.** Cad is *'alcólach feidhmiúil'* ann? (2 mharc)

________________________________________

________________________________________

**9.** (a) Liostaigh **trí** shlí a mbíonn tionchar ag ró-úsáid an alcóil ar pháistí sa teaghlach. (3 mharc)

1. ________________________________________

2. ________________________________________

3. ________________________________________

(b) Cén fáth a gcoimeádann roinnt páistí ólachán a dtuismitheoirí faoi cheilt? (1 mharc)

________________________________________

________________________________________

**Nuair a bheidh an taifeadadh cloiste agat den tríú huair, freagair Ceist 10 a léifear ar an taifeadadh. Ba chóir do chuid freagraí a bheith bunaithe ar an eolas a thugtar ar an taifeadadh agus/nó ar do chuid eolais féin.**

**10.** Léifear an cheist seo amach ar an taifeadadh. (4 mharc)

Is féidir an spás seo a úsáid chun an cheist a scríobh síos.

Freagair an cheist sa spás thíos, le do thoil.

1

2

## *Roinn B* – **Ceisteanna Ilroghnacha** (20 Marc)

CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI **10** gCEIST AS **15**.

Tá 2 mharc ag gabháil le gach ceist.

Cuir tic ✓ sa bhosca ceart i ngach ceist.

**1.** Rinneadh an obair tharrthála seo sa tír seo:



An Cholóim ☐ An Airgintín ☐ An tSile ☐

**2.** Is gnách go dtosaíonn an caithreachas

Níos luaithe i gcás na mbuachaillí ná na gcailíní ☐

Níos luaithe i gcás na gcailíní ná na mbuachaillí ☐

Ag an am céanna sa dá chás ☐

**3.** Sa bhliain 1948 chuir an eagraíocht seo Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine i láthair:

United Nations — Na Náisiúin Aontaithe ☐

AMNESTY INTERNATIONAL — Amnesty International ☐




An tAontas Eorpach ☐

**4.** Ní mór do dhochtúirí agus do dhaoine gairmiúla eile sa chúram sláinte eolas a thabhairt don Ionad Faireachais um Chosaint Sláinte (HPSC) faoi aon Ionfhabhtú Gnéas-Tarchurtha (*STI i mBéarla*) a thagann os a gcomhair.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**5.** Chun ballraíocht a fháil i gComhar Creidmheasa caithfidh duine

A bheith os cionn 18 mbliana d'aois ☐

Rud a bheith i bpáirt aige le gach ball eile ☐

A bheith ainmnithe ag ball eile ☐

**6.** Tá gach TD sa Dáil ina bhall den Rialtas.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**7.** Cé acu ceann díobh seo a leanas atá ina fhoinse thábhachtach Vitimín C?



Toradh Citris ☐



Uibheacha ☐



Iasc ☐

**8.** Eolas do Shaoránaigh

Cuireann sé eolas ar fáil ar gach gné de na seirbhísí poiblí agus ar theidlíochtaí ☐

Cuireann sé eolas ar fáil ar thithíocht agus ar chearta na dtíonóntaí ☐


Cuireann sé eolas agus comhairle ar fáil do na teifigh ☐

**9.** Cuireann an tAire Airgeadais an cháinaisnéis i láthair thar ceann an Rialtais gach bliain




i mí Aibreáin ☐ i mí na Nollag ☐ i mí Mheán Fómhair ☐

**10.** Cé acu ceann de na modhanna taighde seo a leanas a chuireann buneolas ar fáil?



Ciclipéid ☐




Clár Faisnéise Teilifíse ☐



Agallamh ☐

**11.** Tá an léaráid seo ina shampla de chairt áirithe. Cén cineál cairte?




Barrachairt ☐ Líne-chairt ☐ Píchairt ☐


**12.** Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí (*DPP i mBéarla*)

Cuireann sé comhairle dlí ar bhaill den phobal ☐

Déanann sé imscrúdú ar choireanna ☐

Socraíonn sé cé acu is cóir daoine a chúiseamh as coireanna a dhéanamh nó nach cóir ☐

**13.** Ceanglaíonn sé seo naíonán sa bhroinn lena mháthair



Feadán Fallópach ☐ Sreang Imleacáin ☐ Ubhagán ☐

**14.** Chun teach a thógáil teastaíonn

Cead imlíneach pleanála ☐ Lánchead pleanála ☐ Ceadúnas tógála ☐

**15.** Cé acu duine díobh seo a leanas atá ina Uachtarán ar an gCoimisiún Eorpach?







José Manuel Barossa ☐ David Cameron ☐ Angela Merkel ☐

## *Roinn C* (45 marc)

FREAGAIR TRÍ CHEIST

Caithfidh tú **Ceist C1** a fhreagairt agus **dhá** cheist ar bith as **C2, C3** agus **C4.**

**Ceist C1: Oideachas Sóisialta agus Sláinte (15 marc)**

**1.**



Sa bhliain 2009 bhog Phoebe Prince, cailín cuig bliana déag d'aois, ó shráidbhaile beag i gCo. an Chláir lena teaghlach go South Hadley, Massachusetts, i Stáit Aontaithe Mheiriceá. An rud ba chóir a bheith ina eachtra nua don teaghlach, d'iompaigh sé ina thromluí. Chuaigh Phoebe ar Ardscoil South Hadley i mí Mheán Fómhair. Tar éis tamall gairid thosaigh sí ag dul amach le buachaill níos sine sa scoil a raibh an-mheas air mar pheileadóir. Níorbh fhada gur thosaigh scata daltaí ag imirt bulaíochta uirthi. Is éard a bhí i gceist leis seo ná baisteachán gan stad, bagairt agus ciapadh. Tugadh ainmneacha suaracha uirthi go poiblí, leagadh a cuid leabhar as a lámha agus cuireadh téacsanna bagracha chuig a fón póca. Deirtear chomh maith gur cuireadh suas ainmneacha agus tuairiscí maslacha faoi Phoebe ar Facebook agus Twitter.

Ar 14 Eanáir 2010 d'fhill Phoebe abhaile ón scoil agus chuir sí lámh ina bás féin. Rinneadh ciapadh agus bagairt uirthi i leabharlann na scoile an lá sin agus caitheadh canna de dheoch bhog uirthi ó charr nuair a bhí sí ag siúl abhaile. Leanadh ar aghaidh leis an gcibearbhulaíocht fiú i ndiaidh a báis nuair chuir na bulaithe tuairiscí uafásacha suas ar a leathanach cuimhneacháin ar Facebook.




Is cás as an ngnáth é seo mar tugadh chun trialach iad siúd a deirtear a rinne an bhulaíocht ar Phoebe. Tharraing sin aird ar cé chomh tromchúiseach is atá ceist na bulaíochta in aigne na gcúisitheoirí.

(a) Luaigh ceart daonna **amháin** atá á cheilt orthu siúd a fhulaingíonn bulaíocht. (1 mharc)

________________________________________

________________________________________

(b) Liostaigh **dhá** phíosa comhairle a chuirfeá ar dhuine a fhulaingíonn bulaíocht ar scoil nó san obair. (2 mharc)

1. ________________________________________

2. ________________________________________

**2.** Déan cur síos mion ar **dhá** shlí a bhféadfadh tuismitheoir cosaint a thabhairt dá pháiste atá deich mbliana d'aois. (2 mharc)


1. ________________________________________

________________________________________

2. ________________________________________

________________________________________

**3.**




Roghnaigh ceann **amháin** de na heagraíochtaí thuas agus déan cur síos ar an tacaíocht a thugann an eagraíocht do bhuachaillí agus do chailíní sna déaga. (2 mharc)

Eagraíocht: ______________________________

Tacaíocht: ______________________________

______________________________

**4.**

## CÚINNE NA COMHAIRLE

*C Táim seacht mbliana déag d'aois agus táim i gcaidreamh le mo bhuachaill Rory le ceithre mhí anuas anois. Réitímid go han-mhaith lena chéile agus taitníonn sé linn am a chaitheamh le chéile. Táimid tar éis éirí an-ghar le chéile dar liom agus le déanaí bhíomar ag rá go mb'fhéidir go dtabharfaimis céim eile agus caidreamh collaí a bheith againn ach nílim cinnte faoi. Tabhair cúnamh dom le do thoil.*

*Leanne*

(a) Cén fhianaise atá ann a chuireann in iúl go bhfuil caidreamh dearfach ag Leanne agus Rory? (1 mharc)

______________________________

______________________________

(b) Liostaigh agus mínigh **aon** phíosa amháin comhairle a chuirfeá ar Leanne. (2 mharc)

Comhairle ______________________________

Mínigh ______________________________

______________________________

(c) Liostaigh **dhá** rud a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar aon chinneadh a dhéanfadh Leanne agus Rory caidreamh collaí a bheith acu. (2 mharc)

1. ____________________________________________

____________________________________________

2. ____________________________________________

____________________________________________

**5.**

# Nuacht An Tribune

## Eagla faoi eipidéim in úsáid hearóine i gceantair thuaithe



Tá úsáid na hearóine ag leathadh ar fud na gceantar tuaithe in Éirinn níos mó ná riamh anois, agus tá na Gardaí ag tuar go mbeidh sé ina eipidéim. Is í an hearóin an druga is mó a shamhlaítear leis an gcúlú eacnamaíochta. Tá baol ann anois go n-imeoidh sé tríd an tír ar fad leis an gcúlú úrnua seo, de réir mar a dhéanann na mangairí neamhthrócaireacha a mbealach isteach sna pobail thuaithe. Le deich mbliana anuas tá an druga ag leathnú amach ó Bhaile Átha Cliath ar feadh an N7 agus isteach i lár na tíre, ach le dhá bhliain anuas tá an dara hionad mór dáileacháin tagtha chun cinn i Luimneach.

Tá úsáid na hearóine ag leathadh amach ar feadh phríomhbhóithre an Stáit go dtí bailte móra agus sráidbhailte i mbeagnach gach áit. Dúirt na Gardaí go dtagann siad ar dháileachán hearóine agus ar andúil hearóine beagnach gach áit. Tá sin ag tarlú cionn is go bhfuil an hearóin i ndiaidh éirí níos saoire agus níos éasca le fáil. Nuair a chuireann duine andúil sa druga d'fhéadfadh sé go mbeadh suas le €350 in aghaidh na seachtaine ag teastáil chun tacú leis an nós. Sin an rud is cúis le daoine a bheith ag dáileadh drugaí agus is cúis leis na coireanna a bhíonn ag baint le drugaí. Níl aon díthocsainiú ná athshlánú ná aon chúram cónaithe ann i gcomhair úsáideoirí hearóine i bhformhór na tíre agus cuireann sin le fadhb na hearóine.

*Pat Murphy*

(a) Tabhair breac-chuntas ar bhaol **amháin** seachas an andúil atá bainteach le húsáid hearóine. (1 mharc)

____________________________________________

____________________________________________

(b) '*Níl aon díthocsainiú ná athshlánú ná aon chúram cónaithe ann i gcomhair úsáideoirí hearóine i bhformhór na tíre.*' Cén fáth an fadhb é sin d'úsáideoirí hearóine? (1 mharc)

____________________________________________

____________________________________________

(c) Conas a d'fhéadfadh sé dul i bhfeidhm ar theaghlach dá mbeadh duine acu ina andúileach hearóine? (1 mharc)


____________________________________________

____________________________________________

CAITHFIDH TÚ **DHÁ** CHEIST AS NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT

**Ceist C2: Mo Phobal** (15 marc)

**1.**


1. An bhfuil tú ? Fireann ☐ Baineann ☐
2. Cé mhéad uair a cheannaíonn tú éadaí gach mí?
   Uair amháin ☐ Dhá uair ☐ Ceithre huaire ☐
3. Cá háit a dtéann tú ag siopadóireacht de ghnáth?
   Búitíc ☐ Sreangshiopa ☐ Ar líne ☐
4. Cá háit a bhfaigheann tú an t-airgead i gcomhair éadaí?
   Tuismitheoirí ☐ Obair mar fheighlí páistí ☐ Post ☐

(a) Ainmnigh an cineál modh taighde a thaispeántar thuas. (1 mharc)

(b) Cén cheist eile ba chóir a chur chun a fháil amach cé mhéad airgid a chaitear ar éadaí gach mí? (1 mharc)

(c) Taispeánann na torthaí go ndéanann 50% de na rannpháirtithe siopadóireacht uair amháin sa mhí, déanann 25% siopadóireacht dhá uair sa mhí agus déanann 25% siopadóireacht ceithre huaire sa mhí. Tarraing píchairt **nó** barrachairt **nó** líne-chairt chun na torthaí a thaispeáint sa bhosca thíos. (2 mharc)

**2.**


Is éard atá sa **Bhord Pleanála** ná an bord náisiúnta a bhíonn ag plé le hachomhairc i gcúrsaí pleanála in Éirinn. Is comhlacht neamhspleách é a cuireadh ar bun chun déileáil le hachomhairc i gcás na n-iarratas pleanála a mbíonn deacrachtaí nó conspóid ag baint leo.

Luaigh **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach a bheith ábalta cur i gcoinne iarratas pleanála. (2 mharc)


1. ______

2. ______

**3.**




*Sean-Léarscáileanna*



*Taifid Eaglasta*




*Sean-Nuachtáin*

Roghnaigh ceann **amháin** de na foinsí staire thuas. Tabhair breac-chuntas ar an gcineál eolais a d'fhéadfaí a fháil as an bhfoinse sin faoi d'áit dúchais san am atá thart. (2 mharc)

Foinse: ______________________________

Eolas: ______________________________

______________________________

**4.**



**AN EISIMIRCE IS AIRDE LE FICHE BLIAIN**



*Tá méadú ag teacht ar líon na n-Éireannach ag fágáil na tíre agus ní fada go mbeidh sé ar an líon is airde le fiche bliain anuas. Deir na heacnamaithe go bhfuil na daoine is óige agus is éirimiúla ag fágáil na tíre le poist a lorg i ngeall ar an titim sa gheilleagar. Is éard a theastaíonn ná go mbreathnófaí ar an aos óg mar acmhainn dár bpobail áitiúla.*

(a) Déan cur síos ar **dhá** shlí a bhféadfadh an imirce dul i bhfeidhm ar chlubanna agus ar áiseanna áitiúla i do cheantar. (2 mharc)

______________________________

______________________________

______________________________

(b) Liostaigh **dhá** slí a bhféadfadh an t-aos óg a bheith *'ina acmhainn dár bpobail áitiúla'*. (2 mharc)

______________________________

______________________________

**5.**

Tá níos mó tábhachta ná riamh ag baint le heagraíochtaí deonacha áitiúla faoi láthair nuair atá níos lú airgid ann le caitheamh.

(a) Ainmnigh eagraíocht dheonach áitiúil a oibríonn leis an aos óg i do cheantar. (1 mharc)

______________________________

(b) Déan cur síos ar **dhá** shlí a mbaineann an t-aos óg leas as obair na heagraíochta seo. (2 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

## Ceist C3: Saincheisteanna Comhaimseartha (15 mharc)

**1.**

**IN 1997 VÓTÁIL 46.8% DE NA TOGHTHÓIRÍ I dTOGHCHÁN NA hUACHTARÁNACHTA.**

(a) Cén fáth dar leat nár vótáil ach 46.8% de na toghthóirí i dtoghchán na hUachtaránachta? (2 mharc)

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(b) Liostaigh feidhm thábhachtach **amháin** atá ag Uachtarán na hÉireann. (1 mharc)

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(c) Cuir ✓ leis na freagraí cearta. (3 mharc)

Cén aois a chaithfidh a bheith ag duine le bheith mar **Uachtarán na hÉireann**?

cúig bliana is fiche ☐ tríocha bliain ☐ cúig bliana is tríocha ☐

Toghann muintir na hÉireann Uachtarán na hÉireann le bheith in oifig go ceann

cúig bliana ☐ sé bliana ☐ seacht mbliana ☐

Ní féidir leis an Uachtarán an post a choimeád níos mó ná

dhá théarma ☐ trí théarma ☐ ceithre théarma ☐

**2.** Roghnaigh ceann **amháin** de na nithe seo a leanas (Cuir tic ✓le do rogha)




Cárta Aoise ☐



Teilifís chiorcaid iata (CCTV) ☐

(a) Déan cur síos ar conas a chabhraíonn an ní seo chun coireanna a laghdú. (1 mharc)

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(b)

An Garda Síochána
Seirbhís Phóilíneachta na hÉireann

Oibríonn na Gardaí a luaitear thíos i measc an phobail. Roghnaigh duine amháin díobh agus mínigh **dhá** fhreagracht a bhíonn air/uirthi. (2 mharc)

Oifigeach Pobail ☐ Oifigeach Idirchaidrimh don Óige ☐ Oifigeach Idirchaidrimh le Teaghlaigh ☐

(cuir tic ✓ le do rogha)

1. ______________________________

2. ______________________________

**3.**

## Cumhacht do na Daoine

Tugadh isteach reachtaíocht a chuir deireadh leis an 'siabhrán dleathach' in Éirinn mar thoradh ar go leor agóidí áitiúla, brústocaireacht polaiteoirí agus feachtas raidió ar chlár Liveline RTÉ i gcoinne na *siopaí siabhráin*. Ag meán oíche 10 Bealtaine 2010, de réir na reachtaíochta a tugadh isteach, bhí díolachán, iompórtáil, easpórtáil, táirgeadh, soláthar agus seilbh na substaintí seo ina choir faoin Acht um Mí-úsáid Drugaí 1977. Dúnadh síos formhór na *siopaí siabhráin* ar fud na hÉireann mar gheall ar an reachtaíocht seo.



Joe Duffy
Láithreoir
Liveline

(a) Cén fáth ar tharraing ceist na *siopaí siabhráin* aird chomh mór sin in Éirinn? (1 mharc)

______________________________

______________________________

(b) Roghnaigh ceann **amháin** díobh seo a leanas agus déan cur síos mion ar conas is féidir le do phobal féin úsáid a bhaint as an modh a roghnaíonn tú chun feachtas a bhunú faoin gceist. (2 mharc)

Agóid áitiúil ☐ Brústocaireacht polaiteoirí ☐ Feachtas raidió ☐ (Cuir tic ✓ le do rogha)

______________________________

______________________________

**4.**

Níl aon fhear sách maith chun fear eile a rialú gan a chead siúd a fháil. - *Abraham Lincoln*

Cad a chreideann Abraham Lincoln faoi conas rialtais a roghnú? (1 mharc)

______________________________

______________________________

**5.** ***'Mura mbaineann an t-aos óg úsáid as a vóta tabharfaidh na polaiteoirí neamhaird orthu.'***

An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú? Aontaím ☐ Ní aontaím ☐ (2 mharc)

(Cuir tic ✓ le do rogha)

Mínigh: ______________________________

______________________________

## Ceist C4: Ag dul i mbun Dualgais (15 mharc)

1.

**Scéimeanna Cama Cíosa: Fainic thú féin ar an Tiarna Talún Taibhsiúil**

Má tá tú sa tóir ar áit ar cíos, fainic thú féin ar an Tiarna Talún Taibhsiúil mar a thugtar air. Tá na Scéimeanna Cama Cíosa beo beathach i gcónaí agus tá comhairle á cur fós ar gach ábhar tiónónta faoi na réamhchúraim atá le déanamh sula n-íocann siad airgead le haon áit a fháil ar cíos.

Féachann an t-ábhar tionónta ar áit atá le fail ar cíos, ansin iarrtar orthu éarlais a íoc agus cíos míosa ar a laghad nó fiú cíos dhá mhí a íoc ar dtús chun a dheimhniú go nglacfaidh siad an áit ar cíos. Nuair a thagann siad chun bogadh isteach faigheann siad amach nach n-oibríonn na heochracha agus ní feidir leo fáil isteach. Ní féidir teacht ar an duine a thaispeáin an t-árasán dóibh ná teagmháil a déanamh leis. Gheobhaidh an t-ábhar tíonónta amach gur cuid de líne fhada d'ábhair thíonónta eile iad a thug a gcuid airgid don Tiarna Talún Taibhsiúil.

(a) Cad ba chóir do dhuine a dhéanamh chun é / í féin a chosaint ón gcineál seo caimiléireachta nuair a bhíonn siad ag lorg áit ar cíos? (1 mharc)

______________________________

______________________________

(b) Liostaigh **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach don tionónta léas a fháil. (2 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

2.

**Faoi Roinn 19 d'Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 níl cead ag Tiarnaí Talún ráta níos airde ná an ráta ar an margadh oscailte a ghearradh ar árasán ná ar theach.**

(a) Mínigh conas a théann sé seo i bhfeidhm ar phraghas an chíosa a ghearrtar. (1 mharc)

______________________________

______________________________

(b) Liostaigh **dhá** fhreagracht a bhíonn ar thionóntaí i leith a tiarna talún. (2 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

3. (a) Ní mór árachas a bheith ag tiománaí chun carr a thiomáint. Roghnaigh ceann **amháin** de na cineálacha seo árachais agus mínigh cén fáth a roghnódh duine an cineál seo. (1 mharc)

**Lánchuimsitheach** ☐ **Tríú Páirtí** ☐ (Cuir tic ✓ le do rogha)

______________________________

______________________________

(b) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** rud eile, seachas *an cineál árachais cairr*, a rachaidh i bhfeidhm ar chostas an árachais chairr. (2 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

(c) Ligeann roinnt mhaith comhlachtaí árachais dá gcustaiméirí íoc as i dtráthchodanna míosúla. Liostaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an árachas a íoc sa tslí seo. (2 mharc)

Buntáiste ______________________________

______________________________

Míbhuntáiste ______________________________

______________________________

**4.**




*Seo é an cárta dochair nua atá ag Visa. Tá sé díreach cosúil le cárta léasair ach tugann sé níos mó cosanta nuair a bhíonn tú ag siopadóireacht ar líne agus tá sé inghlactha go forleathan ar fud an domhain.*

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste atá ag cárta dochair thar cárta creidmheasa. (2 mharc)


1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

**5.** Luaigh **dhá** shlí a bhféadfaimis úsáid an fhuinnimh sa bhaile a laghdú. (2 mharc)


1. ______________________________

2. ______________________________

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN